BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

13 Feabhra 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Comhbheartas Talmhaíochta – Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 – Scéim íocaíochta aonair – Airteagal 33 – Rialachán (CE) Uimh. 795/2004 – Teidlíochtaí íocaíochta – Incháilitheacht – Airteagal 15 – An coincheap 'scoilteadh' – Laghdú ar an limistéar talmhaíochta tar éis leithdháileadh sealadach na dteidlíochtaí íocaíochta – Ábharthacht an laghdaithe sin do leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach)

I gCás C-625/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Iodáil), trí bhreith an 17 Iúil 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 12 Deireadh Fómhair 2023, sna himeachtaí

Società Agricola Circe di OL Società Semplice

v

ST, ina ainm féin agus mar bhainisteoir na cuideachta aonair Agricola Case Rosse di ST,

Agenzia per le Erogazioni in Agricoltura (AGEA),

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Séú Dlísheomra, A. Kumin (Rapóirtéir) agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– ST, ina ainm féin agus mar bhainisteoir ar an gcuideachta aonair Agricola Case Rosse di ST, ag G.M. Masoni, avvocato,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó M. Di Benedetto agus E. Feola, avvocati dello Stato,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

– an Coimisiún Eorpach, ag A. C. Becker agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an tarchur chun réamhrialú le léiriú ar Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le scéimeanna um thacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta d'fheirmeoirí agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh. 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71, agus (CE) Uimh. 2529/2001 (IO 2003 L 270, lch. 1) agus Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 795/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na scéime íocaíochta aonair dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta áirithe d'fheirmeoirí (IO 2004 L 141, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Società Agricola Circe di OL Società Semplice ('Società Agricola Circe'), ar thaobh amháin, agus ST, ag gníomhú dó ina ainm féin agus mar úinéir agus bainisteoir na cuideachta aonair Agricola Case Rosse di ST ('Agricola Case Rosse'), agus, ar an taobh eile, Agenzia per le Erogazioni in Agricoltura (AGEA), maidir le leithdháileadh críochnaitheach teidlíochtaí íocaíochta faoin scéim íocaíochta aonair ar Società Agricola Circe.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán Uimh. 1782/2003

3 Aisghaireadh Rialachán Uimh. 1782/2003 le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (IO 2009 L 30, lch. 16).

4 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 16, 21, 24, 25, 28, 29 agus 30 de Rialachán Uimh. 1782/2003:

'(16) Príomhghné de chur i bhfeidhm ceart scéimeanna atá nasctha le hachar dromchla is ea dáileachtaí talmhaíochta a shainaithint. [...]

[...]

(21) Déanann na scéimeanna tacaíochta faoin gcomhbheartas talmhaíochta foráil do thacaíocht ioncaim dhírigh go háirithe d'fhonn caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta. Baineann an cuspóir sin go dlúth le cothabháil na limistéar tuaithe. D'fhonn aon mhí-leithdháileadh ar chistí Comhphobail a sheachaint, níor cheart aon íocaíochtaí tacaíochta a dhéanamh le feirmeoirí a chruthaigh go saorga na coinníollacha is gá chun na híocaíochtaí sin a fháil.

[...]

(24) Ní mór laghdú ar phraghsanna institiúideacha do tháirgí talmhaíochta agus méadú ar chostais táirgthe do ghabháltais talmhaíochta sa Chomhphobal [Eorpach] a bheith i gceist le hiomaíochas thalmhaíocht an Chomhphobail a fheabhsú agus cáilíocht bia agus caighdeáin chomhshaoil a chur chun cinn. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach agus talmhaíocht atá níos dírithe ar an margadh agus níos inbhuanaithe a chur chun cinn, is gá an t-aistriú ó thacaíocht táirgeachta go tacaíocht do tháirgeoirí a chur i gcrích trí chóras tacaíochta ioncaim díchúpláilte a thabhairt isteach do gach feirm. Cé go bhfágfaidh díchúpláil na méideanna iarbhír a íoctar le feirmeoirí gan athrú, méadóidh sé éifeachtacht an chúnaimh ioncaim go suntasach. Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbeadh an íocaíocht aonair feirme coinníollach ar thras-chomhlíonadh na nithe seo a leanas: an comhshaol, sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, chomh maith leis an bhfeirm a choinneáil i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil.

(25) Le córas den sórt sin, ba cheart roinnt íocaíochtaí díreacha atá ann cheana agus a fhaigheann feirmeoir ó scéimeanna éagsúla a chomhcheangal in aon íocaíocht amháin, arna gcinneadh ar bhonn teidlíochtaí roimhe sin, laistigh de thréimhse thagartha, agus arna gcoigeartú chun cur chun feidhme iomlán na mbeart a tugadh isteach faoi chuimsiú Chlár Oibre 2000 agus na hathruithe ar mhéideanna na cabhrach a dhéantar leis an Rialachán seo a chur san áireamh.

[...]

(28) Ionas go mbeidh sé de shaoirse ag feirmeoirí an rud is ceart dóibh a tháirgeadh ar a dtalamh a roghnú, lena n-áirítear táirgí atá fós faoi thacaíocht chúpláilte, agus ar an gcaoi sin treoshuíomh an mhargaidh a mhéadú, níor cheart an íocaíocht aonair a bheith coinníollach ar tháirge ar leith a tháirgeadh. Chun saobhadh iomaíochta a sheachaint, áfach, ba cheart roinnt táirgí a eisiamh ó tháirgeadh ar thalamh incháilithe.

(29) D'fhonn an méid a shuíomh ar cheart d'fheirmeoir a bheith ina theideal faoin scéim nua, is iomchuí tagairt a dhéanamh do na méideanna a deonaíodh dó le linn tréimhse tagartha. Ba cheart an íocaíocht aonair a bhunú ar leibhéal na feirme.

(30) Ba cheart an méid foriomlán a bhfuil feirm ina theideal a roinnt ina chodanna (teidlíochtaí íocaíochta) agus a nascadh le líon áirithe heicteár incháilithe a bheidh le sainiú, chun aistriú na gceart préimhe a éascú. Chun aistrithe amhantracha as a dtagann carnadh teidlíochtaí íocaíochta gan bonn comhfhreagrach talmhaíochta a sheachaint, agus cabhair á deonú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le nasc idir teidlíochtaí agus líon áirithe heicteár incháilithe, chomh maith leis an bhféidearthacht teorainn a chur le haistriú teidlíochtaí laistigh de réigiún. Ba cheart forálacha sonracha a leagan síos maidir le cabhair nach bhfuil nasctha go díreach le limistéar agus staid shonrach tógála caorach agus gabhar á cur san áireamh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 1 den Rialachán sin:

‘Bunaítear leis an Rialachán seo:

[...]

tacaíocht ioncaim d’fheirmeoirí (“an scéim íocaíochta aonair” anseo feasta),

[...]’

6 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 2 den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “feirmeoir” duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlítheanacha, cibé stádas dlíthiúil a dheonaítear don ghrúpa agus dá bhaill leis an dlí náisiúnta, a bhfuil a ghabháltas lonnaithe laistigh de chríoch an Chomhphobail [...] agus a dhéanann gníomhaíocht talmhaíochta;

(b) ciallaíonn “gabháltas” gach aonad táirgthe atá á bhainistiú ag an bhfeirmeoir agus atá lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna;

(c) ciallaíonn “gníomhaíocht talmhaíochta” táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a thógáil nó a fhás, lena n-áirítear buaint, bleán, ainmhithe a phórú, agus ainmhithe a choinneáil chun críocha feirmeoireachta, nó an talamh a choinneáil i ndea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil, [...]

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 33 de Rialachán Uimh. 1782/2003, dar teideal ‘Incháilitheacht’:

‘(1) Beidh rochtain ag feirmeoirí ar an scéim íocaíochta aonair más rud é:

[...]

(3) I gcás cumasc le linn na tréimhse tagartha nó tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig sa bhliain roimh an mbliain a gcuirfear an scéim íocaíochta aonair i bhfeidhm, beidh rochtain ag an bhfeirmeoir a bhainistíonn an gabháltas nua ar an scéim íocaíochta aonair faoi na coinníollacha céanna leis na feirmeoirí a bhainistíonn na gabháltais bhunaidh.

I gcás scoilteanna le linn na tréimhse tagartha nó tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig sa bhliain roimh an mbliain a chuirfear an scéim íocaíochta aonair i bhfeidhm, beidh rochtain ag na feirmeoirí a bhainistíonn na gabháltais, *pro rata*, ar an scéim íocaíochta aonair faoi na coinníollacha céanna leis an bhfeirmeoir a bhainistíonn an gabháltas bunaidh.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Sonraítear in Airteagal 36(1) den Rialachán sin:

‘Íocfar cúnamh faoin scéim íocaíochta aonair i leith teidlíochtaí íocaíochta mar a shainítear i gCaibidil 3, agus beidh an líon céanna heicteár incháilithe ag gabháil leo mar a shainítear in Airteagal 44(2).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 38 den Rialachán sin:

‘Cuimseoidh an tréimhse thagartha na blianta féilire 2000, 2001 agus 2002.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Luaitear i gCaibidil 3(1) de Rialachán Uimh. 1782/2003, dar teideal ‘Teidlíochtaí íocaíochta’, lena n-áirítear Airteagal 43 den Rialachán sin, dar teideal ‘Teidlíochtaí íocaíochta a chinneadh’:

‘Gan dochar d’Airteagal 48, gheobhaidh feirmeoir teidlíocht íocaíochta in aghaidh an heicteáir a ríomhfar tríd an méid tagartha a roinnt ar mheánlíon 3 bliana na heicteár ar fad a thug ceart chun íocaíochtaí díreacha a liostaítear in Iarscríbhinn VI le linn na tréimhse tagartha.

Beidh líon iomlán na dteidlíochtaí íocaíochta cothrom le meánlíon na heicteár thuasluaite.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 44(1) agus (2) den Rialachán sin:

‘(1) Le haon teidlíocht íocaíochta a mbeidh heicteár incháilithe ag gabháil léi, tabharfar an ceart an méid a shocrófar leis an teidlíocht íocaíochta a íoc.

(2) Ciallóidh “heicteár incháilithe” aon limistéar talmhaíochta den ghabháltas atá in úsáid mar thalamh arúil agus mar fhéarach buan seachas limistéir faoi bharra buana, faoi fhoraoisí nó a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 795/2004

12 Rinneadh Rialachán Uimh. 795/2004 a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 1120/2009 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an scéim íocaíochta aonair a chur chun feidhme dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle lena mbunaítear comhrialacha maidir le scéimeanna tacaíochta dírí d‘fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d’fheirmeoirí (IO 2009 L 316, lch. 1).

13 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 1, 2, 10 agus 11 de Rialachán Uimh. 795/2004:

‘(1) Ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm Theideal III de Rialachán [Uimh. 1782/2003] lena mbunaítear an scéim íocaíochta aonair d’fheirmeoirí.

(2) Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sainmhínithe áirithe. I gcás inarb iomchuí, ba cheart úsáid a bhaint as sainmhínithe a bhfuil feidhm acu cheana féin i gcásanna comhchosúla agus/nó atá in úsáid le blianta anuas.

[...]

(10) Chun cur chun feidhme scéim na haoníocaíochta a éascú, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit dul ar aghaidh cheana féin, sa bhliain roimh chéad bhliain chur i bhfeidhm na scéime, le tairbhithe féideartha na scéime a shainaithint go háirithe, i gcás modhnuithe ar an sealúchas de bharr oidhreachta nó athruithe dlíthiúla agus le teidlíochtaí íocaíochta a bhunú go sealadach.

(11) Le hAirteagal 33 de Rialachán [Uimh. 1782/2003], ceadaítear d'fheirmeoirí rochtain a fháil ar scéim na haoníocaíochta faoi chúinsí sonracha. Ionas nach bhféadfar imthosca den sórt sin a úsáid chun éalú ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le gnáthaistrithe gabháltais a bhfuil na méideanna tagartha atá i gceangal leis, ba cheart roinnt coinníollacha agus sainmhínithe a bhunú chun imthosca den sórt sin a chur i bhfeidhm.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear in Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 795/2004:

'Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme scéim na haoníocaíochta dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán [Uimh. 1782/2003].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 2 de Rialachán Uimh. 795/2004:

'Chun críocha Theideal III de Rialachán [Uimh. 1782/2003] agus an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(j) ciallaíonn "aonad táirgthe" limistéar amháin ar a laghad lenar tugadh an ceart chun íocaíochtaí díreacha a fháil le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear limistéar foráiste de réir bhrí Airteagal 43(3) de Rialachán [Uimh. 1782/2003], nó ainmhí amháin a thabharfadh an ceart chun íocaíochtaí díreacha a fháil le linn na tréimhse tagartha, agus beidh préimhcheart comhfhreagrach ag gabháil leis, más iomchuí;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, dar teideal 'Cumaisc agus scaoilteadh':

'Chun críocha an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán [Uimh. 1782/2003], ciallaíonn "scoilteadh" de réir bhrí Airteagal 2(a) de Rialachán [Uimh. 1782/2003] scoilteadh feirmeora amháin ina dhá fheirmeoir nua ar leith ar a laghad de réir bhrí Airteagal 2(a) de Rialachán [Uimh. 1782/2003], a bhfuil feirmeoir amháin díobh ar a laghad fós faoi rialú, i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí

airgeadais, ag duine amháin ar a laghad de na daoine dlítheanacha nó nádúrtha a bhí ag bainistiú an ghabháltais nó scoilteadh feirmeora amháin de réir bhrí Airteagal 2(a) de Rialachán [Uimh. 1782/2003] i bhfeirmeoir nua ar leith amháin ar a laghad de réir bhrí Airteagal 2(a) de Rialachán [Uimh. 1782/2003] agus a bhfuil an feirmeoir eile fós faoi rialú, i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí airgeadais, ag an bhfeirmeoir a bhí ag bainistiú an ghabháltais i dtosach.

Bunófar líon agus luach na dteidlíochtaí íocaíochta ar bhonn an mhéid tagartha agus líon na heicteár a bhaineann leis na haonaid táirgthe a aistríodh den ghabháltas bunaidh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

17 Le decreto ministeriale n. 1688 (Foraithne Aireachta Uimh. 1688) an 20 Iúil 2004, glacadh le decreto ministeriale n. 1788 (Foraithne Aireachta Uimh. 1788) an 5 Lúnasa 2004 agus decreto ministeriale n. 2026 (Foraithne Aireachta Uimh. 2026) an 24 Meán Fómhair 2004, na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin Uimh. 1782/2003 agus Uimh. 795/2004 i ndlí na hIodáile.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

18 Bhí scairsheilbh ag na dearthóireacha OL agus ST in Società Agricola Circe di ST e OL ar dháta an iarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta faoin scéim íocaíochta aonair, a thug an chuideachta sin, agus ar dháta an leithdháilte shealadaigh de 130 teidlíocht íocaíochta ar bhonn na heicteár arna saothrú ag an gcuideachta sin.

19 An 1 Lúnasa 2002, tar éis leithdháileadh sealadach na dteidlíochtaí sin, thug an bheirt dearthóireacha sin comhaontú i gcrích ina ndearnadh foráil do shraith idirbheart dlíthiúil gaolmhar, eadhon aistriú scaireanna sa chuideachta sin, ach freisin aistriú scaireanna i gcuideachta nach raibh ina páirtí sa chomhaontú sin, agus aistriú limistéar saothraithe. Tá sé d'éifeacht ag na hidirbhearta éagsúla sin nach raibh na heicteáir uile a luaitear san iarratas ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta faoin scéim íocaíochta aonair, ar ar a mbonn a leithdháileadh teidlíochtaí den sórt sin go sealadach, ag Società Agricola Circe, is é sin an chuideachta nua a bhunaigh OL agus a chéile amháin.

20 Leithdháil AGEA 71 theidlíocht íocaíochta go cinntitheach ar Società Agricola Circe. Is léir ó na doiciméid atá ar fáil don Chúirt go ndearnadh na 59 teidlíocht íocaíochta eile, a leithdháileadh go sealadach, a leithdháileadh go cinntitheach ar Agricola Case Rosse a bhí ag baint úsáid as an talamh a d'aistrigh Società Agricola Circe di St e OL ó Mheán Fómhair 2002.

21 An 5 Meitheamh 2006, thug Società Agricola Circe caingean os comhair Tribunale di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh, an Iodáil) i gcoinne AGEA, ST agus Agricola Case Rosse, ag iarraidh a cheart a dhearbhú chun cabhair a fháil a chomhfhreagraíonn do 130 teidlíocht íocaíochta agus chun go n-ordófaí do na páirtithe sin damáistí a íoc, ar an bhforas go raibh leithdháileadh críochnaitheach 71 teidlíocht íocaíochta neamhdhleathach, ós rud é nár lean sé as fíor-scoilteadh Società Agricola Circe di ST e OL. De réir Società Agricola Circe, tharla aistriú simplí scaireanna in Società Agricola Circe di ST e OL.

22 Le cinneadh an 27 Meitheamh 2011, dhiúltaigh an Tribunale di Roma (an Chúirt Dúiche, an Róimh) don chaingean sin. Seasadh leis an gcinneadh sin le breithiúnas ón Corte d'appello di Roma (an Chúirt Achomhairc, an Róimh, an Iodáil) an 21 Aibreán 2017.

23 Léirigh an Corte di appello di Roma (an Chúirt Achomhairc, an Róimh) Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003 agus, níos cruinne, an téarma 'scoilteadh' atá ann, ag cinneadh gur úsáideadh an téarma sin sa Rialachán sin sa chiall leathan agus 'neamhtheicniúil'. De réir na cúirte sin, ní thagraíonn an téarma sin don choincheap mar a shainmhínítear é i ndlí na gcuideachtaí, ach do gach cás ina dtagann feirmeoir amháin i gcomharbas ar fheirmeoir eile agus lena mbaineann modhnú ar an limistéar a saothraíodh ar dtús. Thairis sin, shonraigh an chúirt sin gur ghá an chabhair a nascadh leis an limistéar saothraithe. Dá réir sin, leithdháil sé go comhréireach roinnt teidlíochtaí íocaíochta, a leithdháileadh go sealadach ar Società Agricola Circe di ST e OL, ar an bhfeirmeoir a shaothraigh an talamh aistrithe ó mhí Mheán Fómhair 2002, eadhon Agricola Case Rosse.

24 Rinne Società Agricola Circe achomharc i gcoinne bhreithiúnas an 21 Aibreán 2017 leis an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), an chúirt a rinne an tarchur, ag áitiú, go háirithe, gur sháraigh agus gur chuir an breithiúnas sin i bhfeidhm go hearráideach Airteagal 15 de Rialachán Uimh. 795/2004, Airteagal 2(a) agus Airteagail 33, 38, 45 agus 46 de Rialachán Uimh. 1782/2003 agus an reachtaíocht trína ndearna Stát na hIodáile na forálacha sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme, eadhon Foraitheanta Aireachta Uimh. 1668 an 20 Iúil 2004, Uimh. 1788 an 5 Lúnasa 2004 agus Uimh. 2026 an 24 Meán Fómhair 2004.

25 Mar thaca lena achomharc ar phointe dlí, áitíonn Società Agricola Circe, go háirithe, go sainmhínítear an téarma 'scoilteadh' i bhforálacha ábhartha dhlí an Aontais trí thagairt a dhéanamh don chás ina roinntear gabháltas talmhaíochta ina dhá ghabháltas nua agus don chás sin amháin. Dá réir sin, ní bhaineann aistriú simplí talún le hábhar chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh go cinntitheach.

26 De réir na cúirte a rinne an tarchur, chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, ar an gcéad dul síos tá gá le léiriú ar Airteagal 15 de Rialachán Uimh. 795/2004, ar Airteagal 33 de Rialachán Uimh. 1782/2003 agus ar fhorálacha eile Rialachán Uimh. 1782/2003 chun raon feidhme an choincheapa 'scoilteadh' an ghabháltais talmhaíochta a chinneadh. Ar an dara dul síos, ag glacadh leis go bhfreagraíonn an coincheap sin don choincheap sin i ndlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear, go háirithe, i dTreoir (AE) 2019/2121 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019, lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann (IO 2019 L 321, lch. 1) agus, dá bhrí sin, nach gcumhdófaí leis cás amhail an cás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, ós rud é go mbeadh gá le léiriú den sórt sin freisin chun a chinneadh an mbeadh laghdú sa limistéar saothraithe, a tharla tar éis chur isteach an iarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta agus leithdháileadh sealadach na dteidlíochtaí sin, ábhartha don leithdháileadh cinntitheach sin, agus a mhéid a bheadh sé ábhartha.

27 Sna himthosca sin, chinn an Corte suprema di cassazione (an Chúirt um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An féidir an téarma “scoilteadh” a úsáidtear in Airteagal 33(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 1782/2003 agus in Airteagal 15 de Rialachán (CEE) Uimh. 795/2004 a thuiscint mar thagairt do bhunú dhlí na gcuideachtaí agus, dá bhrí sin, glactar leis go ndéanfar athrú ar shócmhainní bunaidh na cuideachta agus ar limistéir bhunaidh na talún a shaothraítear in dhá sócmhainn ar leithligh ar le haonáin dhlíthiúla éagsúla iad, nó an féidir é a léiriú go leathan agus dá bhrí sin maidir le haon idirbheart dlíthiúil arb é a thoradh deiridh go leithdháiltear na sócmhainní bunaidh agus limistéir shaothraithe uile na cuideachta “talamhaíochta” ar dhá eintiteas éagsúla, lena n-áirítear trí chuótaí agus gníomhartha díolacháin talún a aistriú?

(2) De réir an léirithe cheart atá le tabhairt ar shraith fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 (Airteagail 2, 23, 24, 33, 34, 36, 38, 43, 44) chun críocha leithdháileadh cinntitheach theidlíochtaí CBT, nuair a chuirtear an íocaíocht aonair i bhfeidhm ar dtús, an laghdú sa limistéar atá á shaothrú agus na heicteáir incháilithe i rith 2002, tar éis don “feirmeoir” an t-iarratas a chur isteach agus leithdháileadh sealadach na dteidlíochtaí, má tharla sé sin mar thoradh ar ghníomhartha caibidlíochta maidir le cuid den talamh lena mbaineann a aistriú fós le linn 2002, agus an féidir laghdú den sórt sin a dhéanamh *ex officio* tráth an leithdháilte chinntithigh?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

28 Lena céad cheist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá an dara fomhír d’Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap ‘scoilteadh’, de réir bhrí na bhforálacha sin, cás ina bhfuil sé d’éifeacht ag idirbhearta dlíthiúla gaolmhara a tharla idir roinnt feirmeoirí le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear aistriú scaireanna agus limistéar talmhaíochta saothraithe, go leithdháiltear maoin bhunaidh feirmeora amháin agus na limistéir sin go léir ar dhá fheirmeoir nua ar leith, fiú i gcás nach ionann cás den sórt sin agus ‘scoilteadh’ de réir bhrí dhlí cuideachtaí an Aontais, go háirithe Treoir 2019/2121.

29 Mar réamhphointe, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil aon tionchar ag aisghairm Rialacháin Uimh. 1782/2003 agus Uimh. 795/2004 ar ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí ós rud é gur léir ó fhianaise os comhair na Cúirte go bhfuil na rialacháin sin, sa chás seo, infheidhme *ratione temporis*.

30 Sa chomhthéacs sin, tugann an Chúirt dá haire, ar an dara dul síos, faoin dara fomhír d’Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, i gcás scoilteanna le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear, de réir Airteagal 38 den Rialachán sin, na blianta féilire 2000 go 2002, nó tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain a cuireadh an scéim íocaíochta aonair i bhfeidhm, go mbeidh rochtain *pro rata* ag na feirmeoirí atá páirteach sa scoilteadh sin, a bhainistíonn na gabháltais, ar an scéim íocaíochta aonair, is é sin le rá, ar thacaíocht ioncaim.

31 Leanann sé ón ordú tarchuir agus, thairis sin, ní chonspóidtear go raibh mar thoradh ar na hidirbhearta dlíthiúla gaolmhara, i gcás Società Agricola Circe, go háirithe, laghdú ar limistéir thalmhaíochta saothraithe i ndáil leo siúd arna saothrú ag Società Agricola Circe di ST e OL, a tharla le linn 2002 agus, dá bhrí sin, le linn na tréimhse tagartha a leagtar síos le hAirteagal 38 de Rialachán Uimh. 1782/2003.

32 Ar an tríú dul síos, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, de réir na cúirte a rinne an tarchur, go bhfuil modhnú ar chuideachta aonair i gceist leis an gcoincheap 'scoilteadh', amhail an coincheap a shainmhínítear i ndlí na gcuideachtaí, rud a fhágann go ndéantar an mhaoin bhunaidh agus limistéir shaothraithe uile na cuideachta sin a roinnt ina dhá mhaoin ar leith ar le heintitis dhlíthiúla éagsúla iad. I ndáil leis sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go háirithe, do Threoir 2019/2121 lena n-áirítear sainmhíniú ar an gcoincheap sin. Ina theannta sin, measann an chúirt sin, sa chás seo, nach raibh Società Agricola Circe di ST e OL ina ábhar scoilteadh, de réir bhrí dhlí na gcuideachtaí. Dá bhrí sin, ní cheadaítear don chúirt a rinne an tarchur a chinneadh go raibh Società Agricola Circe di ST e OL ina ábhar scoilteadh, de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, ach léiriú níos leithne ar an gcoincheap sin ná mar a chuirtear i bhfeidhm i ndlí na gcuideachtaí.

33 Chun na forálacha deireanacha sin a léiriú, tugann an Chúirt dá haire go leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 795/2004, arna léamh i gcomhar le haithris 1 de, rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme scéim na haoníocaíochta dá bhforáiltear i dTeideal III de Rialachán Uimh. 1782/2003. Chuige sin, mar is léir ó aithris 2 de Rialachán Uimh. 795/2004, foráiltear leis an Rialachán sin, ar mhaithe le soiléireacht, do shainmhínithe áirithe.

34 De réir Airteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, chun críocha an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, ciallaíonn 'scoilteadh' scoilteadh feirmeora amháin mar a shainmhínítear é in Airteagal 2(a) de Rialachán Uimh. 1782/2003 i leith dhá fheirmeoir nua ar leith ar a laghad a bhfuil ceann amháin díobh ar a laghad fós faoi rialú, i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí airgeadais, ag duine amháin ar a laghad de na daoine dlítheanacha nó nádúrtha a bhainistíonn an gabháltas nó scoilteadh feirmeora amháin ar dtús de réir bhrí Airteagal 2(a) sin i bhfeirmeoir nua ar leith amháin ar a laghad, agus an feirmeoir eile fós faoi rialú, i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí airgeadais, an fheirmeora a bhainistíonn an gabháltas ar dtús.

35 Ní mór a mheas nach n-áirítear i bhfoclaíocht na bhforálacha sin aon tagairt d'ionstraimí de dhlí an Aontais a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, amhail Treoir 2019/2121, lena dtugtar sainmhíniú níos cúinge ar an gcoincheap 'scoilteadh'.

36 Ina theannta sin, is léir ó fhoclaíocht na bhforálacha sin nach bhfuil aon tagairt sna forálacha sin do dhlí na mBallstát maidir leis an gcoincheap 'scoilteadh' a chinneadh, chun an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003 a chur i bhfeidhm.

37 I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, de réir chásdlí socair na Cúirte, go leanann sé ón ngá atá le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus ó phrionsabal an chomhionannais nach mór léiriú neamhspleách agus aonfhoirmeach a thabhairt de ghnáth ar fud an Aontais Eorpaigh do théarmaí forála de dhlí an Aontais nach ndéantar aon tagairt shainráite inti do dhlí na mBallstát chun brí agus raon feidhme na forála sin a chinneadh; ní mór a chur san áireamh sa léiriú sin ní hamháin foclaíocht na reachtaíochta sin ach a comhthéacs agus an cuspóir a

shaothraítear léi (féach, chuige sin, breithiúnais an 25 Deireadh Fómhair 2012, *Ketelä*, C-592/11, EU:C:2012:673, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 20 Aibreán 2023, *EEW Energy from Waste*, C-580/21, EU:C:2023:304, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Cé go sainmhínítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004 an coincheap 'scoilteadh' mar scoilteadh feirmeora amháin ina dhá fheirmeoir nua ar leith ar a laghad, a bhfuil ceann amháin díobh ar a laghad fós faoi rialú, i dtéarmaí bainistíochta, sochar agus rioscaí airgeadais, ag duine amháin ar a laghad de na daoine dlítheanacha nó nádúrtha a bhainistíonn an gabháltas nó scoilteadh feirmeora amháin ar dtús ina fheirmeoir nua ar leithligh amháin ar a laghad, ní shonraítear san fhoráil sin cén fhoirm is gá a bheith ag scoilteadh an fheirmeora a bhainistíonn an gabháltas bunaidh chun teacht faoin gcoincheap sin agus, dá réir sin, chun go mbeidh na feirmeoirí a bhainistíonn na gabháltais a eascraíonn as scoilteadh den sórt sin incháilithe don scéim íocaíochta aonair. Dá bhrí sin, trí dhíriú ar an gcás a eascraíonn as scoilteadh den sórt sin, sainítear leis an bhforáil sin an coincheap sin i ndáil le héifeachtaí an scoilteadh sin.

39 Dá bhrí sin, ceadaítear le foclaíocht Airteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004 go bhféadfaí a mheas go bhfuil feidhm ag an gcoincheap 'scoilteadh', a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, maidir le cás a eascraíonn as idirbhearta dlíthiúla gaolmhara agus, go háirithe, as aistriú limistéar talmhaíochta saothraithe, le linn na tréimhse tagartha, fiú mura gá go dtagann cás den sórt sin faoin gcoincheap 'scoilteadh' mar a shainmhínítear é in ionstraimí dhlí cuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear, go háirithe, Treoir 2019/2121.

40 Deimhnítear léiriú den sórt sin le héirim ghinearálta Rialachán Uimh. 1782/2003 agus leis an gcuspóir a shaothraítear leis an Rialachán sin.

41 I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, sa chéad áit, gur léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 36(1), Airteagal 43(1) agus Airteagal 44(1) de Rialachán Uimh. 1782/2003, ar dtús, go bhfuil an tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí faoin scéim íocaíochta aonair le híoc i ndáil le teidlíochtaí íocaíochta, ansin, go bhfuil feirmeoir le teidlíocht íocaíochta a fháil in aghaidh an heicteáir incháilithe don chabhair sin agus, ar deireadh, go bhfuil sé de cheart ag aon teidlíocht íocaíochta a bhfuil heicteár incháilithe ag gabháil léi an méid a shocraítear leis an teidlíocht íocaíochta sin a íoc.

42 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go n-aithnítear le Rialachán Uimh. 1782/2003 go bhfuil nasc idir, ar thaobh amháin, na teidlíochtaí íocaíochta ar a n-íoctar tacaíocht ioncaim agus, ar an taobh eile, na limistéir thalmhaíochta (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2010, *van Dijk*, C-470/08, EU:C:2010:31, míreanna 28 go 30).

43 Léirítear an nasc sin freisin i scoilteadh feirmeora a tharlaíonn le linn na tréimhse tagartha. Is léir ó léamh comhpháirteach ar an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003 agus ar an dara fomhír d'Airteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004 nach mór, de bharr an scoilteadh, líon na dteidlíochtaí íocaíochta do gach feirmeoir a bhainistíonn cuid den ghabháltas talmhaíochta bunaidh a bheith níos ísle ná an líon a íocadh leis an ngabháltas talmhaíochta sin ina iomláine.

44 Dá réir sin, faoin gcéad cheann de na forálacha sin, i gcás scoilteadh le linn na tréimhse tagartha nó tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain a chuirfear an scéim íocaíochta aonair i bhfeidhm, beidh rochtain ag na feirmeoirí a bhainistíonn na gabháltais lena mbaineann, *pro rata*, ar an scéim íocaíochta aonair faoi na coinníollacha céanna leis an bhfeirmeoir a

bhainistíonn an gabháltas bunaidh. Ar an gcaoi chéanna, de réir an dara ceann de na forálacha sin, bunófar líon agus luach na dteidlíochtaí íocaíochta ar bhonn, go háirithe, na heicteár a bhaineann leis na haonaid táirgthe a aistríodh den ghabháltas bunaidh.

45 Sa dara háit, maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1782/2003, tugann an Chúirt dá haire, ar dtús, mar a leagtar amach in aithris 24 de, gur fhéach an Rialachán sin leis an aistriú ó chabhair táirgeachta go cabhair táirgeora a éascú trí íocaíochtaí díreacha a laghdú de réir a chéile agus trí scéim tacaíochta ioncaim a thabhairt isteach atá díchúpláilte ón táirgeadh, eadhon an scéim le haghaidh íocaíochtaí aonair arna cinneadh ar bhonn teidlíochtaí roimhe sin laistigh de thréimhse thagartha, d'fhonn feirmeoirí san Aontas Eorpach a dhéanamh níos iomaíche (breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2013, *Panellinios Syndesmos Viomichanion Metapoiisis Kapnou*, C-373/11, EU:C:2013:567, mír 17).

46 Ina dhiaidh sin, leanann sé ó aithris 29 de Rialachán Uimh. 1782/2003, faoinar cheart an íocaíocht aonair a bhunú ar leibhéal na feirme, gur mhian le reachtas an Aontais íocaíocht cabhrach a fhorchoimeád ar bhonn teidlíochtaí íocaíochta in aghaidh an heicteáir don fheirmeoir a bhainistíonn an gabháltas talmhaíochta go hiarbhír, eadhon grúpa aonad táirgthe.

47 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt cheana féin go leithdháiltear limistéir talmhaíochta ar ghabháltas feirmeora i gcás ina bhfuil sé de chumhacht ag an bhfeirmeoir na limistéir sin a bhainistiú chun críche gníomhaíochta talmhaíochta, is é sin le rá, i gcás ina bhfuil leibhéal áirithe neamhspleáchais ag an bhfeirmeoir maidir leis na limistéir sin atá leordhóthanach chun a ghníomhaíocht talmhaíochta a dhéanamh (breithiúnas an 9 Meitheamh 2016, *Planes Bresco*, C-333/15 agus C-334/15, EU:C:2016:426, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Ar deireadh, mar is léir ó aithris 30 de Rialachán Uimh. 1782/2003, saothraítear leis an Rialachán sin freisin an cuspóir aistrithe amhantracha teidlíochtaí íocaíochta as a dtagann carnadh teidlíochtaí den sórt sin gan bonn talmhaíochta comhfhreagrach a sheachaint.

49 Chun léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap 'scoilteadh', a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003 sa chaoi nach gceadaítear leis a mheas go bhféadfaidh feirmeoir nua, ar aistríodh limistéir thalmhaíochta shaothraithe chuige in idirbhearta dlíthiúla gaolmhara le linn na tréimhse tagartha, rochtain a fháil ar an scéim íocaíochta aonair, rud a chuireann isteach ar na cuspóirí a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1782/2003, dá dtagraítear i míreanna 45, 46 agus 48 den bhreithiúnas seo, a mhéid a thugtar le tuiscint leis an léiriú sin, ar thaobh amháin, go ndeonaítear rochtain ar an scéim sin go hiomlán agus go hiomlán don fheirmeoir nach mbainistíonn na limistéir sin a thuilleadh agus, ar an taobh eile, go n-íocfaí an chabhair le haghaidh teidlíochtaí íocaíochta nach bhfuil nasctha leis na limistéir sin.

50 Leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo nach mór an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'scoilteadh', de réir bhrí na bhforálacha sin, cás ina bhfuil sé d'éifeacht ag idirbhearta dlíthiúla gaolmhara a tharla idir roinnt feirmeoirí le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear aistriú scaireanna agus limistéar talmhaíochta saothraithe, go leithdháiltear maoin bhunaidh feirmeora amháin agus na limistéir sin go léir ar dhá fheirmeoir nua ar leith, fiú i gcás nach 'scoilteadh' é cás den sórt sin de réir bhrí dhlí cuideachtaí an Aontais, go háirithe Treoir 2019/2121.

An dara ceist

51 Is léir ón ordú tarchuir go n-iarrtar an dara ceist i gcás ina dtugtar le tuiscint leis an bhfreagra ar an gcéad cheist go dtagraíonn an coincheap 'scoilteadh', a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán Uimh. 1782/2003, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(2) de Rialachán Uimh. 795/2004, don choincheap a úsáidtear i ndlí na gcuideachtaí.

52 Dá bhrí sin, i bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist, ní gá an dara ceist a fhreagairt.

Costais

53 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an dara fomhír d'Airteagal 33(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le scéimeanna um thacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna tacaíochta d'fheirmeoirí agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh. 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71 agus (CE) Uimh. 2529/2001, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 795/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na scéime íocaíochta aonair dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 lena mbunaítear comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaítear leis an gcoincheap 'scoilteadh', de réir bhrí na bhforálacha sin, cás ina bhfuil sé d'éifeacht ag idirbhearta dlíthiúla gaolmhara a tharla idir roinnt feirmeoirí le linn na tréimhse tagartha, lena n-áirítear aistriú scaireanna agus limistéar talmhaíochta saothraithe, go leithdháiltear maoin bhunaidh feirmeora amháin agus na limistéir sin go léir ar dhá fheirmeoir nua ar leith, fiú i gcás nach ionann cás den sórt sin agus 'scoilteadh' de réir bhrí dhlí cuideachtaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe, Treoir (AE) 2019/2121 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019, lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann.

Sínithe